



Ciorclán Bunoidreachais 0009/2006

Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Tearma Shocraithe) 2003

Chug ùdarais bhainistíochta na scoileanna bunscoileanna Conradh Mùinteora um Achar Èiginnte

Tagraím do fhorálacha [Imlitir Bhunoidreachais 24/05](#) a bhaineann leis an gcomhaontú eatramhach a sroicheadh i leith an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003.

Forálann an comhaontú gur cheart do lucht bainistíochta scoileanna pearsanra ábhartha atá cuimsithe i bhforálacha an chomhaontaithe a shainaithint agus téarmaí an chomhaontaithe a fheidhmiú maidir leis an bpearsanra sin, .i.,

- o *na fostaithe téarma socraithe sin a bhfuil breis is 4 bliana seirbhíse comhleanúnaí teagaisc acu amhail ar an 1ú Meán Fómhair 2005 agus a mheastar a bheith cáilithe, gheobhaidh siad conarthaí de fhad ama éiginnte ach sa chás go bhféadann fostóir a léiriú:*

- a) *nach mbeidh post áirithe inmharthana laistigh de thréimhse réasúnta agus gur leagadh amach foras dá shórt mar fhoras oibiachtúil i scríbhinn sa chonradh a ghabh roimhe seo.*

Nó

- b) *go bhfuil an duine ag clúdach do shealbhóir poist ar scéim fhaofa chead neamhláithreachta.*

Ní bheidh feidhm ag na heisiatachtaí réamhráite i gcás nach bhfuair an duine conradh scríofa a leag amach forais oibiachtúla ó Mheán Fómhair 2001 i leith. Gheobhaidh daoine mar sin (a mheastar a bheith cáilithe) conarthaí de fhad ama éiginnte go huathoibritheach.

Maidir leis sin gheobhaidh tú faoi iamh cóip den gconradh aontaithe de fhad éiginnte ar cheart a oiráil anois don phearsanra úd a chomhlíonann na critéir a rialaíonn bronnadh conartha de fhad éiginnte. Aontaíodh chomh maith gur cheart cinntí maidir le bronnadh conarthaí dá sórt a dhéanamh agus a chur in iúl don chomhalta / do na comhaltaí foirne lena mbaineann laistigh de cheithre seachtaine ó eisiúint na himlitreach seo.

Comhairlítear lucht bainistíochta scoileanna chomh maith go mbeidh an Roinn ag lorg mionsonraí gach gealltanais a eascroidh as feidhmiú théarmaí an chomhaontaithe eatramhaigh d'fhonn taifid mhúinteoireachta a thabhairt cothrom le dáta. Eiseofar foirm go gairid a éascóidh é seo.

Meabhraítear do lucht bainistíochta scoileanna athuair gur cheart forálacha an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 a chomhlíonadh nuair a bhíonn conradh téarma socraithe á bhronnadh agus ag aon athnuachan de chonradh dá shórt.

Iarrtar ar na húdaráis bhainistíochta aird na foirne teagaisc a dhíriú ar árbhar n hmlitreach seo.

Tà rochtain ar an gCiorclán seo freisin ar làithrean grèasàin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag www.education.ie faoi Foireann Scoile/Bunoideachas/Ciorcláin & Leabhráin Faisnéise/Saoire Neamhláithreachta.

Johnny Bracken
Prìomhoifigeach
Eanáir, 2006

Conradh Fostaíochta Conradh Múinteora um Achar Éiginnte Earnáil Bhunoideachais
--

1. Páirtithe:

Fostaí:

Fostóir:

2. Teideal an Phoist: Múinteoir cáilithe faoi chonradh um achar éiginnte

3. Cinéal Poist

Cuspóir an chonartha an líon uaireanta an chloig, a bheidh dáilte, a chaitheamh ar theagasc gach seachtain ar feadh na scoilbhliana go léir.

4. Uaireanta Saothair

Is ionann uaireanta an chonartha um achar éiginnte agus na huaireanta a luadh don fhostaí ar an gconradh um théarma seasta sa scoilbhliain / sa bhliain acadúil roimh eisiúint an chonartha um achar éiginnte (ach amháin i gcás uaireanta a ceadaíodh i leith ionadaíocht sealadach agus mura ndéanfar é a athrú faoi théarmaí na hImlitreach Bhunoideachais 24/05).

5. An Míniú a bheidh ar Chonradh um Achar Éiginnte

Fostaí a mbeidh súil aige/aice fanacht sa bhfostaíocht, faoi réir gnáthdháta scoir, agus nach ndéanfar é/í a dhífhóstu gan cúis láidir a chur ina leith, mar mhí-iompar nó neamhoiriúnacht don phost nó i gcás cúinsí eile dochloíte nach féidir a shéanadh. Cuirfear dífhóstu ar bith i gcrích trí na heagair dhífhostaithe chomhaontaithe a chur i bhfeidhm don earnáil ar leith nó trí an reacht cuí a chur i bhfeidhm de réir mar a tharlóidh (mar a léiríonn an Idirchomhaontú de Mheán Fómhair 2005 – Imlitir Bhunoideachais 24/05).

6. Dualgais

Na dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh a bheadh iomchuí do mhúinteoir lánaimseartha buan chomh fada is a bhainfidh siad leis na dualgais chonarhtha teagaisc agus neamhtheagaisc .

7. Oiliúint Inseirbhíse

Beidh na heagair don oiliúint agus don fhorbairt ghairmiúil ar aon dul le múinteoirí lánaimseartha buana.

8. Liúntais Taistil agus Chothaithe

Íocfar liúntas taistil agus cothaithe i leith na haistir riachtanacha a dhéanfar a údarú ag bainistíocht scoile de réir na gcoinníollacha a bheidh i bhfeidhm agus de réir na rátaí a bheidh socraithe ó am go chéile do mhúinteoirí buana ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

9. Obair Sheachtrach

Ní mór an fostóir a chur in eolas faoi gach obair sheachtrach. Beidh sé den riachtanas nach gcuirfidh obair sheachtrach ar bith, a thabharfaidh an fostaí faoi, isteach ar dhualgais ná ar fhreagrachtaí an fhostaithe don scoil.

Is féidir go gcuirfí deireadh, freisin, leis an gconradh sa chás go rachadh obair charnach an mhúinteora thar an teorainn 48 uair an chloig sa tréimhse ábhartha cheana mar a léiríodh i Mír 15 den Acht 1997 um Am Saothair a Eagrú. A leithéid de chinneadh ar bith chun deireadh a chur le conradh, déanfar é a chur i gcrích de réir na nósanna imeachta iomchuí.

10. Saoire Bhliantúil

Is féidir eagair maidir le saoire bhliantúil a cheadú de réir na coinníollacha a bheidh socraithe ó am go chéile do mhúinteoirí lánaimseartha buana ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

11. Saoire Mháithreachais nó Uchtach nó Fheighlithe nó um Údarás Tuismitheoirí nó Fórsa Majeure

Ceadófar Saoire Mháithreachais nó Uchtach nó Fheighlithe nó um Údarás Tuismitheoirí don cheapaí de réir na heagair a rinne an tAire Oideachais agus Eolaíochta a údarú. Bainfidh forálacha an Achta 1998 um Shaoire Thuismitheoirí le saoire um Fórsa Majeure mar aon leis na hAchtanna ar bith eile a reachtófar in ionad an Achta sin nó mar leasú ar an Acht sin.

12. Saoire Bhreiteachta

D'fhéadfaí saoire bhreiteachta dheimhnithe nó neamhdheimhnithe a cheadú de réir na coinníollacha a leagadh síos ó am go chéile do mhúinteoirí buana ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

13. Íocaíocht

Scála bunúsach comónta an mhúinteora mar aon le liúntais chuí, an scála tuarastail a bhainfidh leis an bpost. Íocfar múinteoirí páirtaimseartha ar bhonn pro-rata. Déanfar an íocaíocht mar riaráistí agus mar aistriú díreach chuig an gcúntas bainc a bheidh ainmnithe agat ar bhonn coicíse nó míosúil.

Déanfar na huaireanta an chloig saothair, farasbarr ar na huaireanta conartha, a íoc de réir na rátaí a bheidh socraithe ó am go chéile ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

14. Comhshocruithe

Beidh na heagair seo faoi réir comhshocruithe a dhéanfar ó am go chéile idir ceárdchumainn mhúinteoirí, údaráis bhainistíochta scoileanna agus Aire Oideachais agus Eolaíochta.

15. Dearbhuithe agus Sínithe

Tá an Conradh Fostaíochta thuas léite agam, tuigim go hiomlán é agus tá mé sásta glacadh le téarmaí an chonartha sin. Tugaim geallúint, freisin, gur fóir agus gur beacht iad gach ráiteas agus ionadaíocht a rinne mé san iarratas le haghaidh an cheapacháin seo.

Síniú :- _____

(ar son an fhostóra)

Síniú:- _____

(an fostaí)

Dáta :- _____

Dáta :- _____